*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “InterMed Pharmaceutical Laboratories eva intima” – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 127 266

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 1 Márta 2022 i gCás R 1245/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a rinne sé achomharc ina choinne;

— a ordú do EUIPO agus do Arbora & Ausonia SLU, má thagann sé chun bheith ina idiragraí, costais an iarratasóra a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Aibreán 2022 – Perfetti Van Melle v EUIPO (Léiriú ar choimeádán sorcóireach le línte corracha)**

**(Cás T-199/22)**

(2022/C 222/59)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Perfetti Van Melle SpA (Lainate, an Iodáil) (ionadaithe: P. Testa agus C. Pappalardo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh (Léiriú ar choimeádán sorcóireach le línte corracha) – Iarratas ar chlárú uimh. 18 355 641

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 10 Feabhra 2022 i gCás R 1530/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---